An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Comórtas Oscailte do cheapachán Eolaí Dobharcheantair (Conradh sealadach dar críoch an 31 Márta 2028 (2 phost)

Tá iarratais á lorg ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta don phost thuas ar Thionscadal Comhtháite Uiscí LIFE an AE.

Is í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) an Roinn Rialtais atá freagrach as tithíocht agus uisce, pleanáil fhisiciúil agus spásúil, rialtas áitiúil, réamhaisnéisiú aimsire agus oidhreacht uathúil na hÉireann a chaomhnú agus a bhainistiú chun tairbhe ghlúine an lae inniu ann agus ghlúine na todhchaí.

Is cuid de mhaoiniú an AE don chomhshaol agus do ghníomhú ar son na haeráide é Clár LIFE an Aontais Eorpaigh.

Tá sé mar aidhm le Tionscadal Comhtháite *Waters of LIFE* cabhrú le caillteanas na n-aibhneacha is gléigile in Éirinn a iompú droim ar ais. Áirítear caillteanas leanúnach aibhneacha ardstádais in Éirinn i measc na treochta cáilíochta uisce is mó imní, is faide agus is seasmhaí in Éirinn. Bunófar tionscadal taispeána mar chuid den tionscadal seo chun bearta éifeachtacha chun an treocht laghdaitheach seo a fhorbairt, a thástáil agus a fhíorú.

Roghnófar sé dhobharcheantar tionscadail ar fad: cúig dhobharcheantar tástála agus dobharcheantar rialaithe amháin. Cuid den phróiseas a bhaineann le dobharcheantair agus bearta oiriúnacha a roghnú a bheidh i mbuntáistí éagsúla a spreagadh ar mhaithe le gníomhú ar son na haeráide agus bithéagsúlacht. Áireofar sa tionscadal seo 'Scéim Íocaíochta Agra-Chomhshaoil Bunaithe ar Thorthaí' (RBAPS) le haghaidh úinéirí talún rannpháirteacha. Gné thábhachtach den tionscadal a bheidh sa rannpháirtíocht agus cumarsáid le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal.

Feidhmeoidh foireann an tionscadail mar fhoireann ar leithligh le haghaidh thréimhse an tionscadail. Oibreoidh an Fhoireann i ndlúthchomhar le tionscadail Plean Bainistíochta Abhantraí agus comhlachtaí forfheidhmithe eile cosúil le Clár Uisce na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO) agus Clár Dobharcheantar Ponc Gorm na nÚdarás Áitiúil. Táthar ag súil go mbeidh an tionscadal seo á reáchtáil go dtí Nollaig 2027.

Tuilleadh Eolais
Má theastaíonn tuilleadh eolais agus sonraí maidir leis an bpost uait féach:
www.gov.ie/housing/recruitment

An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Roinn/Údarás Fostaíochta
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta

Earcaíocht
Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta ag earcú don phost seo de réir a Ceadúnais Earcaíochta atá eisithe ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA) agus de réir Chód Cleachtais CPSA.

Suíomh Gréasáin na Roinne/an Údaráis Fostaíochta
www.gov.ie/housing

Suíomhanna
Beidh eolaí dobharcheantair amháin lonnaithe in Avonmore SC 010 i gCill Mhantáin agus beidh an t-eolaí eile lonnaithe i ndobharcheantar Graney SC 020 i gcontae an Chláir, ag láithreacha le comhaontú leis an mbainisteoir tionscadail. Iarrfar ar iarrthóirí an dobharcheantar is fearr leo a roghnú ar an bhfoirm iarratais. Tá an phríomhoifig thionscadail lonnaithe i gCromadh i Luimneach agus beidh ar na hiarrthóirí rathúla freastal ar chruinnithe ag an láthair seo ó am go chéile.

Tá an rannóg chomhordaithe de Rannóg Uisce na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta lonnaithe i dTeach an Chustaim, Baile Átha Cliath agus d'fhéadfadh go n-iarrfaí ar an iarrthóir rathúil freastal ar chruinnithe ansin ó am go chéile.

Iarratais
Is é an dáta deiridh le haghaidh iarratas ná 5pm Déardaoin 29 Meitheamh 2023

Ba cheart d'iarratasóirí foirmeacha iarratais chomhlánaithe a sheoladh chuig recruitment@housing.gov.ie

Tabhair faoi deara: Ní bhreithneofar ach iarratais a fhaightear ar an bhfoirm iarratais oifigiúil.
www.gov.ie/housing earcaíochta

Dáta Fógraíochta
8 Meitheamh 2023

Dáta Deiridh a nglacfar le hIarratais
5:00 PM Déardaoin 29 Meitheamh 2023